



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ

TEIDEAL AN RÓIL:	Príomhfheidhmeannach
LEIBHÉAL:	Rúnaí Cúnta
TIONACHT:	Conradh ar Théarma Seasta 5 Bliana
OIFIG:	Spórt Éireann
LÁTHAIR:	Campas Spórt Éireann
CINEÁL COMÓRTAIS:	Comórtas Oscailte

An spriocdháta le haghaidh iarratas: 5pm Dé hAoine an 19 Samhain 2021.
Ní ghlacfar le hiarratais a chuirfear isteach tar éis an dáta deiridh.
Tá Spórt Éireann tiomanta do bheartas comhdheise a leanúint.

TEAGMHÁLAÍ:

Seán McDonagh, Comhpháirtí, Lansdowne Executive Search Limited,
Teach Hamilton, 28 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, D02 P283, Éire.

Ríomhphost: Sean.McDonagh@lansdownesearch.ie

Le haghaidh plé rúnda, cuir glao ar 087 7961062

CLÁR ÁBHAR

Maidir le Spórt Éireann	3
Fógra	6
Sainchuntas Poist	7
Príomhchoinníollacha Seirbhíse	10
Próiseas an Chomórtais	13
Aguisín I: Príomhinniúlachtaí	20
Aguisín II: Incháilitheacht	22
Aguisín III: Coinníollacha Breise Seirbhíse	25
Aguisín IV: An Fhoirm Príomhéachtaí	27
Aguisín V: Foirm um Iarraidh ar Athbhreithniú	29

MAIDIR LE SPÓRT ÉIREANN

Bunaíodh Spórt Éireann, an Gníomhaireacht Reachtúil don spórt in Éirinn, an 1 Deireadh Fómhair 2015 faoin Acht um Spórt Éireann, 2015. Is é Spórt Éireann an t-údarás a gcuirtear de chúram air an spórt in Éirinn a fhorbairt. Áirítear leis sin rannpháirtíocht sa spórt, an spórt ardfeidhmíochta, an fhrithdhópáil, an chóitseáil agus forbairt Champas Spórt Éireann.

I samhradh na bliana 2018, d'fhoilsigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018–2027. Beidh an Beartas Náisiúnta Spóirt ar an gcomhthéacs beartais ina n-oibreoimid sna deich mbliana romhainn. Formhuíonn Spórt Éireann an Beartas Náisiúnta Spóirt go láidir agus, ós é an gníomhaireacht reachtúil atá freagrach as é, tá príomhról aige i ndéileáil le han-chuid de na príomhdhúshláin oibríochtúla agus straitéiseacha atá leagtha amach sa Bheartas.

Tá an-dul chun cinn á dhéanamh ag an eagraíocht le blianta beaga anuas ar chuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018–2027 a chur ar aghaidh. Is mian leis an mBord a chinntiú go leanfaidh an eagraíocht le ról éifeachtach lárnach a chomhlíonadh i dtógáil ar na héachtaí a baineadh amach go dtí seo agus i bhforbairt an spóirt sa tír seo a chur ar aghaidh.

Tá an fhís do Spórt Éireann mar a leanas:

“Earnáil spóirt den chéad scoth atá ag obair de réir na gcaighdeán rialachais agus cuntasachta is airde agus ag rannchuidiú le cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt a bhaint amach”.

Is é atá sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018–2027 ná creat fadréimseach uailmhianach le haghaidh fhorbairt an spóirt in Éirinn. Chuige sin, ghlac Spórt Éireann príomhról, ós é an gníomhaireacht atá freagrach as é, sa bheartas sin a chomhlíonadh, agus rinneadh an-dul chun cinn go dtí seo ina lán réimsí. Dúshlán don spórt agus do rannpháirtithe ar fud na tíre ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon is ea an phaindéim reatha, atá ag cur bac ar shreabhadh nádúrtha an chruinnithe agus na rannpháirtíochta fisiciúla. Toradh eile atá ar an bpaindéim, áfach, is ea gur géaraíodh díriú an náisiúin ar a thábhachtaí atá saol an spóirt agus atá réimsí gaolmhara amhail gníomhaíocht, sláinte, folláine fhisiciúil agus meabhrach, agus foillíocht. Chun an spórt a chur ar an mbóthar ceart an athuir chun na hionchais sin a chomhlíonadh, beidh ar gach duine lena mbaineann a lán dúshlán a sháru. Ina theannta sin, beidh ar Spórt Éireann ról tábhachtach ceannaireachta a imirt in iarrachtaí na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar fud na tíre a éascú agus i dtacaíocht a thabhairt dóibh.

Ag obair dó i ndlúthchomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus leis an Aire agus an Aire Stáit sa Roinn sin, beidh freagracht ar Spórt Éireann as a chinntiú go mbainfear úsáid as an gcóras cistiúcháin, deontas agus tacaí eile ar bhealach straitéiseach trédhearcach chun leibhéal mhéadaitheacha rannpháirtíochta a chur ar aghaidh agus a fhorbairt ar fud na tíre.

Tá freagracht ar Spórt Éireann as bainistiú agus riar a dhéanamh ar bhuiséad is fiú thart ar €90m sa bhliain, mar aon le cistiú caipitil breise d'fhorbairt leanúnach Champas Spórt Éireann.

Tá a lán gnéithe i gceist le ról Spóirt Éireann agus tá fás tagtha ar an eagraíocht le blianta beaga anuas ó thaobh a chlúdaigh, a rannpháirteachais agus a tionscnamh comhoibríoch de. Oibríonn Spóirt Éireann go príomha leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt, leis na clubanna agus lena gcuid oibrithe deonacha agus riarthóirí chun struchtúr éifeachtach spóirt a fhorbairt. Oibríonn an eagraíocht le soláthraithe spóirt pobail freisin agus déanann sé amhlaidh tríd an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt go príomha.

Glac Spóirt Éireann an príomhról i stiúradh a dhéanamh ar an uaillmhian náisiúnta atá ann an líon daoine a ghlacann páirt sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú agus i ndlús a chur le hiarrachtaí éagsúlacht agus cuimsitheacht a chur chun cinn ar fud na tíre.

D'athdhearbhaigh an Rialtas an gealltanais a thug sé sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021 go bhforbrófaí Campas Spóirt Éireann. Tá Máistirphlean i bhfeidhm anois le haghaidh tuilleadh forbartha agus tá sé mar uaillmhian ag Spóirt Éireann ardleibhéal úsáide agus rannpháirtíochta a chinntiú chun go mbeidh an Campas mar bhaile don spóirt in Éirinn.

Ráiteas Misin

Is é misean Spóirt Éireann an clár oibre náisiúnta spóirt a threorú ar na bealaí seo:

- Luach an spóirt a chur in iúl agus dul i gceannas ar an smaointeoireacht ar an spóirt
- Cultúr cuimsitheach cóir a chur chun cinn
- Luach a ghiniúint ó acmhainní finideacha
- Eagraíochtaí láidre spóirt a thógáil
- An coincheap um 'spóirt ar feadh an tsaoil do gach duine' a bhaint amach
- Tacú le rath ardfheidhmíochta

Róil/Seirbhísí Spóirt Éireann

Is é an príomhról atá againn gníomhú mar ghníomhaireacht forbartha don spóirt in Éirinn. Chun tacú leis an ról sin, déanaimid a lán gníomhaíochtaí. Áirítear leo sin na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Tathant a dhéanamh ar son an spóirt agus na gcomhlachtaí spóirt, agus cistiú a thabhairt dóibh, maidir le rannpháirtíocht, le feidhmíocht agus le hardfheidhmíocht
- Comhairle a chur ar na hAirí agus ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ar ranna eile rialtais maidir le saincheistean beartais spóirt
- Cláir a fhorbairt chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt d'eagraíochtaí spóirt agus dá gcuid ball foirne agus oibrithe deonacha
- Clár cuimsitheach frithdhópála a chur chun feidhme
- Seirbhísí oiliúna agus tacaíochta a éascú agus a sholáthar go díreach d'eagraíochtaí spóirt
- Comhpháirtíochtaí agus comhaontais a chruthú i measc na n-eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis an spóirt a chur chun cinn, a fhorbairt agus a riar
- Comhionannas agus éagsúlacht do chách a chur chun cinn
- Campas spóirt a fhorbairt ar láithreán Champas Spóirt Éireann, agus saoráidí eile spóirt arna gceadú ag an Aire a chothabháil.

Príomhchliant agus Príomh-gheallsealbhóirí Spórt Éireann

Is féidir ár bpríomhchliant agus ár bpríomh-gheallsealbhóirí a ghrúpáil mar a leanas:

- Réimse an Spóirt – Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, Comhlachtaí cistithe eile, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, Daoine Spóirt aonair, Cóitseálaithe, an Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil
- Ranna Rialtais – an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Oideachais, an Roinn Sláinte, agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, etc.
- Comhlachtaí Poiblí – Éire Shláintiúil, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann, Údarás Áitiúla
- An Pobal i gCoitinne
- Comhlachtaí Eile – na Meáin, Scoileanna, Institiúidí Tríú Leibhéal, grúpaí sainleasa, etc.

Straitéis Spórt Éireann (2018-2022)

Leagtar síos i bPlean Straitéiseach Spórt Éireann 2018-2022 miseán, fíis, luachanna, spriocanna agus táscairí ábhartha na heagraíochta. Tá an straitéis bunaithe ar na trí phríomhchóil seo a leanas:

- Rannpháirtíocht: Spórt Cuimsitheach ar Feadh an tSaoil
- Feidhmíocht: Imirt agus dul san iomaíocht ar leibhéal atá oiriúnach do chumas
- Ardfeidhmíocht: Barr cumais na hÉireann a bhaint amach ar na leibhéil is airde de chomórtas idirnáisiúnta

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig: [Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2018-2022](#)

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig: [Bord Spórt Éireann](#)

Struchtúr Eagraíochta agus Buiséad

Tá fórsa oibre Spórt Éireann comhdhéanta de thart ar 100 fostaí. De bhreis air sin, formhaoirsíonn Spórt Éireann fochuideachta atá faoina úinéireacht iomlán (Sport Ireland Facilities DAC), a dhéanann Campas Spórt Éireann a oibriú, a bhainistiú agus a chothabháil (520 acra).

Cistítear Spórt Éireann le cistiú Státchiste agus tá freagracht air as bainistiú agus riar a dhéanamh ar bhuiséad is fiú thart ar bhreis agus €90m sa bhliain, mar aon le cistiú caipitil breise d'fhorbairt leanúnach Champas Spórt Éireann, atá 520 acra san iomlán.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig: [Tuarascálacha Bliantúla](#)

Tá tuilleadh faisnéise faoi Spórt Éireann ar fáil ar ár suíomh Gréasáin www.sportireland.ie

FÓGRA

SAINCHUNTAS POIST

Teideal an Phoist:	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Oifig:	Spórt Éireann
Tionacht:	Conradh ar Théarma Seasta Cúig Bliana
Roinn:	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Ag Tuairisciú Do:	Cathaoirleach Bhord Spórt Éireann
Láthair:	Campas Spórt Éireann, Baile Átha Cliath 15
Dáta Deiridh le haghaidh Iarratas:	5pm, an 19 Samhain 2021

Cúlra

Tá téarma oifige an Phríomhfheidhmeannaigh reatha le dul in éag ag deireadh na bliana 2021, agus tá an Bord ag iarraidh anois comharba a thógfaidh ar na héachtaí go dtí seo a cheapadh.

Tá an Bord ar lorg duine a bhfuil taithí aige/aici anois chun an eagraíocht a stiúradh, chun obair go héifeachtach le lear eagraíochtaí spóirt agus chun an misean le haghaidh an spóirt in Éirinn a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.

An Ról

Áirítear na nithe seo leis na príomhréimsí freagrachta don ról:

- An fhís agus ceannaireacht straitéiseach a sholáthar i gcomhar leis an mBord chun misean Spórt Éireann a bhaint amach agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air.
- Cuntasacht as a chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais, bainistíocht riosca, luach ar airgead agus bainistíocht airgeadais de i bhfeidhm ar fud gach réimse den eagraíocht agus maidir le cistiú a leithdháileadh agus le caiteachas caipitil a fhorghaoirsiú.
- Fás na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt in Éirinn a chothú agus a éascú, agus béim ar leith á leagan ar rialachas corparáideach, ar fhorbairt acmhainne, ar fhaireachán agus ar mheastóireacht.
- Caidreamh táirgiúil comhoibríoch le geallsealbhóirí a fhorbairt agus a chothabháil.
- Tuilleadh forbartha Champas Spórt Éireann a bhainistiú agus a fhorghaoirsiú, lánacmhainneacht na dtionscadal éagsúil atá ar bun cheana a bhaint amach agus na tairbhí a fhéadann a bheith ann le haghaidh gach gníomhaíochta spóirt a réadú.
- Tabhairt faoin ról ceannaireachta inmheánaí agus cultúr fuinniúil feidhmíochta a chothú, ar cultúr é a thacaíonn le forbairt agus folláine na mball foirne i Spórt Éireann.

- An cheannaireacht spreagthach, treo agus tacaíocht a thabhairt don Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta, agus cultúr atá cuimsitheach, nuálach agus comhoibríoch a chur chun cinn.
- A chinntiú go mbainfear an leas is fearr is féidir as struchtúr agus acmhainní na heagraíochta agus go n-ailíneofar sineirgí agus cumais chun éifeachtacht straitéiseach agus éifeachtacht oibríochtúil araon a chinntiú.
- Ardleibhéil rannpháirtíochta, chuimsiúcháin agus éagsúlachta a chinntiú ar fud an spóirt ar gach leibhéal.
- Spórt Éireann a stiúradh agus clú a tharraingt ar an eagraíocht as a ceannaireacht thacúil chuimsitheach láidir do gach spórt trí thathant agus trí theagmháil leis na meáin.
- A bheith mar ionadaí do Spórt Éireann os comhair an phobail agus bheith ar fáil chun freastal ar ócáidí agus searmanais éagsúla áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus toilteanas a thaispeáint le hiarracht speisialta a dhéanamh nuair is gá.
- Oibreoidh an té a cheapfar chun an phoist seo leis an bhfoireann bainistíochta i Spórt Éireann, ar foireann í a bhfuil an-taithí aici agus a bhfuil an-mheas uirthi, agus tuairisceoidh sé/sí do Chathaoirleach an Bhoird.

Riachtanais don phost

Beidh na nithe seo a leanas ag an té a cheapfar:

RIACHTANACH:

- Taithí ar leibhéal an ardoifigigh feidhmiúcháin agus grinneas láidir i gcúrsaí gnó, a thaispeánann an fhís agus na scileanna ceannaireachta agus oibriúcháin a theastaíonn chun gach gné de shainordú agus sainchúram straitéiseach Spórt Éireann a chomhlíonadh.
- Díriú láidir ar ionracas agus ar rialú, á chinntiú go gcuirfear feidhmeanna reachtúla Spórt Éireann i ngníomh de réir na reachtaíochta ábhartha.
- Tuiscint intaispeánta ar thírdhreach spóirt na hÉireann agus ar thábhacht an spóirt sa tsochaí, mar aon le dúspéis agus uaimhian maidir lenar féidir a bhaint amach.
- Breithiúnas fóna agus ionracas, mar aon le cumas chun cinntí fóna a dhéanamh i dtimpeallacht chasta fhuinniúil.
- An athléimneacht, an diongbháilteacht agus an stuaim a theastaíonn chun tionchar a imirt agus chun meas agus tacaíocht a ghnóthú ó na heintitis éagsúla geallsealbhóirí ar fud an spóirt in Éirinn.
- An cumas chun cur chun cinn agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an gcríochnúlacht a theastaíonn chun na caighdeáin is airde a bhaint amach i rialachas corparáideach agus i bhformhaoirseacht airgeadais.

- An cumas chun an fhoireann bainistíochta agus foireann Spóirt Éireann a stiúradh agus a spreagadh agus an cumas chun leas a bhaint as an saineolas laistigh den eagraíocht agus é a fhorbairt.
- An cumas chun caidreamh tábhachtach a fhorbairt agus chun muinín agus tacaíocht an Bhoird, an Aire, an Aire Stáit, na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt in Éirinn a ghnóthú.
- An mhuinín, an fuinneamh agus an cumas chun láithreacht phearsanta láidir a bhunú, mar aon leis an gcreidiúnacht a bhunú chun bheith mar thathantóir láidir agus mar chumarsáidí áititheach ar son mhisean an spóirt in Éirinn leis na meáin, an Rialtas agus na comhlachtaí ionadaíocha.

INMHIANAITHE:

- Bheadh sé inmhianaithe dá mbeadh cáilíocht tríú leibhéal nó cáilíocht ghairmiúil i ndisciplín ábhartha bainte amach ag an té a cheapfar.

Féach Aguisín II chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus faoi shrianta áirithe ar incháilitheacht.

Príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíocht éifeachtach mar Phríomhfheidhmeannach

Tarraingítear aird na n-iarrthóirí ar na príomhinniúlachtaí a forbraíodh lena n-úsáid ar an leibhéal seo.

Léiríonn an múnla inniúlachta an timpeallacht athraitheach agus níos casta ina n-oibríonn Príomhfheidhmeannaigh, ar timpeallacht í ina bhfuil níos lú acmhainní ar fáil, brú maidir le torthaí a sholáthar, agus iniúchadh méadaithe ó na meáin agus ón bpobal.

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

Is é atá san fhaisnéis thíos na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

Tionacht

Beidh an ceapachán ar bhonn **conradh fostaíochta ar théarma seasta a mhairfidh tréimhse cúig bliana**. Tá sé sin i gcomhréir leis an mbeartas Rialtais maidir le Príomhfheidhmeannaigh ar Chomhlachtaí Neamhthráchtála Stáit a cheapadh. **Beidh feidhm ag tréimhse phromhaidh 10 mí ón dáta atá sonraithe ar an gconradh**. Beidh an t-iarrthóir rathúil faoi réir phróiseas an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) freisin ar feadh fhad an chonartha.

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2005

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2005, maidir le foirceannadh na fostaíochta seo de bharr dhul in éag an chonartha ar théarma seasta gan é a athnuachan.

Láthair

Tá Spórt Éireann lonnaithe i gCampas Spórt Éireann, Bóthar Snugborough, Baile Átha Cliath 15. Nuair a bhíonn oifigeach ar dhualgas oifigiúil agus as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú dá bharr, íocfar speansais chuí taistil agus chothaithe leis/léi, faoi réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse.

Feidhmeanna, Cumhachtaí agus Dualgais

Ní fhéadfaidh an ceapaí dul i mbun cleachtadh príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh na ndualgas oifigiúil nó a bheadh bunoscionn le post an Phríomhfheidhmeannaigh ar bhealach ar bith.

Uaireanta Freastail

Beidh uaireanta freastail mar atá socraithe ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 43 huairé agus 15 nóiméad chomhlána an chloig sa tseachtain (37 n-uaire an chloig glan). Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí uaireanta freastail a choigeartú ó am go ham de réir beartas Rialtais. Beidh ar an gceapaí uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham, de réir mar a fhéadfaidh a bheith réasúnach agus riachtanach le haghaidh chomhlíonadh ceart a c(h)uid dualgas faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos sna rialacháin ama oibre. Clúdaíonn an ráta luach saothair is iníoctha aon dliteanas i leith freastail breise a eascróidh ó am go ham.

Saoire Bhliantúil

Is é **30 lá oibre sa bhliain** an liúntas saoire bliantúla le haghaidh an phoist mar Phríomhfheidhmeannach ar Spórt Éireann. Agus é faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú, tá an liúntas sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ar áireamh ann.

Saoire Bhreiteachta

De réir fhorálacha na giorclán maidir le saoire bhreiteachta, íocfar pá le linn saoire bhreiteachta chuí-dheimhnithe, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ar ráta Aicme A sainordú a shíniú a thabharfaidh údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí sochair ar bith atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Spórt Éireann. Beidh íocaíocht le linn na breiteachta faoi réir na héilimh riachtanacha a bheidh á ndéanamh ag an oifigeach ar shochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn riachtanach ama.

Scála Tuarastail

Is é seo a leanas an scála tuarastail don phost (tá na rátaí in éifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2021 i leith):

Scála Tuarastail Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin (RPP) an Rúnaí Chúnta

€143,845	€150,381	€157,467	€164,549
----------	----------	----------	----------

Beidh feidhm ag an ráta sin maidir le hiontrálaithe nua agus beidh feidhm aige freisin i gcás gur státseirbhíseach reatha nó fostaí reatha sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh atá sa cheapaí agus go gceanglaítear air ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh.

Scála Tuarastail Ranníocaíochta Neamhphearsanta Pinsin an Rúnaí Chúnta

€136,652	€142,863	€149,592	€156,323
----------	----------	----------	----------

Beidh feidhm ag an ráta sin i gcás gur státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 atá sa cheapaí agus nach gceanglaítear air/uirthi Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Nóta Tábhachtach maidir le Tuarastal

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara ag bun an scála a thosófar agus ní bheidh an ráta luach saothair, lena n-áirítear dul chun cinn incriminteach, faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

Comhaontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó speansas de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas agus Speansas a rinneadh le Baill Foirne/Iar-Bhail Foirne/Pinsinéirí.

Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa tseirbhís phoiblí a thairiscint don iarrthóir rathúil an tráth a thairgfear ceapachán.

Go ginearálta, ciallaíonn sé sin ceapachán a bheith á thairiscint bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"). Is féidir mionsonraí iomlána faoin Scéim Aonair a fháil ag <http://www.singlepensionscheme.gov.ie/>. Is í 70 bliain d'aois an aois uasta scoir d'fhormhór na mball den Scéim Aonair.

D'fhéadfadh go mbeadh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha difriúla a bhaineann le haoisliúntas agus scor maidir le hiarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí nach mbaineann leis an Scéim Aonair) sna 26 seachtaine sular ceapadh é/í nó atá ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá. Cinnfear na teidlíochtaí pinsin agus an aois uasta scoir, más infheidhme, atá i bhfeidhm maidir leis na ceapaithe sin ach aird a thabhairt ar a stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Fógra Tábhachtach

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha difriúla i gceist más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí atá ag fónamh faoi láthair é nó í an ceapaí.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Bainistíocht an Phróisis Earcaíochta

Tá Lansdowne Executive Search á fhostú ag Spórt Éireann chun an próiseas earcaíochta don phost seo a bhainistiú. Lorgófar iarrthóirí ar an ról seo trí thrí chainéal: (a) na gníomhaíochtaí cuardaigh a dtabharfaidh Lansdowne Executive Search fúthu; (b) Fógraíocht ar Líne ar Shuíomhanna Gréasáin roghnaithe Tionscail; agus (c) Fógraí Nuachtáin. Gheobhaidh na hiarratasóirí uile ar Fhógraí admháil á rá go bhfuarthas a n-iarratas agus measúnófar gach ceann díobh ar bhonn na gcritéar atá sonraithe don ról. **Ní dhéanfar iarratais ach amháin trí ríomhphost.**

Níor cheart aon deimhnithe bunaidh ná aon teistiméireachtaí a chur isteach mar chuid ar bith d'iarratas. Ag teacht sna sála ar chríochnú na bpróiseas Fógraíochta agus Cuardaigh, bainfear úsáid as próiseas scagtha incháilitheachta a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis atá tugtha ar an CV comhlánaithe, ar an litir chumhdaigh agus ar an bhFoirm Príomhéachtaí, de réir mar is cuí. Déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ansin ar na hiarratais a thabharfar tríd an gcéim gearrliostúcháin in aghaidh critéir chomhaontaithe ghearrliostúcháin atá bunaithe ar riachtanais an phoist.

Tabharfar cuireadh chun freastal ar agallamh iomaíoch le Spórt Éireann do na hiarrthóirí a roghnófar ón bpróiseas gearrliostúcháin. Is dóigh go nglaofar líon beag iarrthóirí chun freastal ar agallamh iomaíoch breise. Sa chás sin, d'fhéadfadh go n-iarrfaí orthu cur i láthair a ullmhú mar fhreagairt do chás-staidéar féideartha nó do chás gnó beartaithe.

De réir mar is cuí, d'fhéadfadh go gceanglófaí ar iarrthóirí gearrliostaithe tabhairt faoi thástálacha síciméadracha.

FORAS LE DÍCHÁILIÚ IS EA CANBHASÁIL.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Chun do spéis a shaothrú, seol d'iarratas comhlánaithe trí ríomhphost chuig:

Seán McDonagh Comhpháirtí
Lansdowne Executive Search Limited
(ríomhphost) sean.mcdonagh@lansdownesearch.ie

Nó, le haghaidh plé rúnda, cuir glao ar Sheán ar +353 87 796 1062

Ní mór d'iarrthóirí doiciméad **AMHÁIN** a chur isteach i bhformáid MS Word a chuimsíonn litir chumhdaigh, CV agus an Fhoirm Príomhéachtaí le chéile. Tabhair faoi deara go bhfágfar an t-iarratas a bheith neamhiomlán má fhágtar ceann ar bith, nó cuid ar bith, de na doiciméid iarratais iarrtha ar lár nó mura leagtar amach é mar atá sonraithe thíos. **Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána lena dtabhairt ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin.**

Litir Chumhdaigh	Nach faide ná leathanach A4 amháin. Ba cheart príomhinniúlachtaí ábhartha a mionsonrú sa litir agus míniú a thabhairt inti ar conas a chomhlíonann tú riachtanais an ról.
CV	CV cothrom le dáta nach faide ná 3 leathanach A4
An Fhoirm Príomhéachtaí	FLean an leagan amach sa sampla in Aguisín IV

Óstálfar mionsonraí an chomórtais freisin ar bhoird éagsúla post ar an Idirlíon agus glacfar le hiarratais trí na tairseacha cuir isteach ar na boird sin (a bheidh mar atá sonraithe i bpróiseas an chomórtais).

Iarratais a Admháil

Eiseofar teachtaireacht uathoibríthe admhála i leith na n-iarratas uile a fhaightear (ní thabharfar ach admháil á rá go bhfuarthas an t-iarratas agus ní dheimhneofar inti cé acu is iarratas incháilithe é nó nach ea). Mura mbeidh admháil leictreonach á rá go bhfuarthas an t-iarratas uait faighte agat laistigh de 48 huairé an chloig tar éis an t-iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le **Sean McDonagh, Comhpháirtí, Lansdowne Executive Search**.

Dáta Deiridh

Ní mór d'iarratas a bheith curtha isteach ar líne san fhormáid riachtanach faoi **5pm an 19 Samhain 2021**. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an ama sin.

An tEolas is Deireanaí ar an bhFeachtas agus Comhfhreagras

Eiseofar an t-eolas is deireanaí ar an bhfeachtas chuig an seoladh ríomhphoist atá tugtha agat i d'iarratas.

Is faoi gach iarratasóir atá sé a chinntiú go bhfaighidh sé/sí an chumarsáid ar fad ó Lansdowne Executive Search. Moltar duit do ríomhphoist a sheiceáil ar bhonn rialta fud fad an chomórtais. De bhreis air sin, déan cinnte de go seiceálfaidh tú fillteáin dramhaíola/turscáir toisc go bhféadfadh go scagfaí ríomhphoist go mícheart. Ní ghlacann Spórt Éireann ná Lansdowne Executive Search le haon fhreagracht as cumarsáidí nach bhfuil faighte ná léite ag iarratasóir. Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh Lansdowne Executive Search agus ba cheart dóibh a chinntiú gur ceart atá na sonraí teagmhála atá sonraithe ar a n-iarratas.

An Próiseas Roghnúcháin

Is féidir go mbeidh an méid seo a leanas i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na fianaise atá ina n-iarratas;
- réamhagallamh iomaíoch;
- ceistneoir (í) ar líne a chomhlánú mar chuid de thástáil shíciméadrach;
- sampla oibre/rólghlacadh/cleachtadh meán agus aon tástálacha nó aon chleachtaí eile a mheasfar a bheith cúí;
- agallamh iomaíoch deiridh/agallaimh iomaíocha dheiridh, a d'fhéadfadh cur i láthair a áireamh.

Tabhair faoi deara go bhfuil seans ann go gcuirfear agallaimh ar siúl go fíorúil trí Zoom.

Gearrliostú

De ghnáth, is mó an líon iarratas a fhaightear le haghaidh poist ná an líon a theastaíonn chun an post sin a líonadh. Fiú amháin i gcás go gcomhlíonfaidh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais, d'fhéadfadh Spórt Éireann a chinneadh go ngairfí líon níos lú daoine chun agallaimh i gcás nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine de bharr an lín atá ag déanamh iarratas ar an bpost. Chuige sin, déanann Spórt Éireann soláthar do phróiseas gearrliostaithe a úsáid chun roghnú a dhéanamh ar ghrúpa daoine a mheasfar a bheith ar na daoine is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a scrúdú le haghaidh agallamh a chur orthu. Déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais in aghaidh critéir réamhchinntithe atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hé sin le rá nach bhfuil na hiarrthóirí eile oiriúnach ná nach bhfuil siad in ann an post a dhéanamh. Ina ionad sin, táthar á rá go meastar go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu, bunaithe ar a n-iarratas. Dá bhrí sin, tá sé le do leas féin cuntas mionsonraithe cruinn ar na cáilíochtaí/an taithí atá agat a chur ar fáil ar an iarratas.

Agallaimh Iomaíocha

De bharr srianta a bhaineann le Covid-19, is féidir go mbainfear úsáid as bogearraí físchomhdhála i bpróiseas an agallaimh. Beidh formáid leathstruchtúrtha ag na hagallaimh, ar lena linn a iarrfar ar iarrthóirí samplaí a thabhairt de na hinniúlachtaí don ról, mar atá leagtha amach in Aguisín I. Déanfaimid dianiarracht fógra a thabhairt faoi dhátaí agallaimh a luaithe is féidir.

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh mar atá sceidealaithe nó nach dtugann aon fhianaise a éilítear i dtaca le ní ar bith a bhaineann lena n-iarratas, ní bheidh aon éileamh acu a thuilleadh ar a bheith lena mbreithniú sa phróiseas seo. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór d'iarrthóirí eolas a thabhairt do Spórt Éireann faoi aon imthosca maolaitheacha roimh an gcéim ar leith den phróiseas roghnúcháin nó le linn na céime sin. Ní mór aon fhianaise dhoiciméadach a sholáthar laistigh de 5 lá oibre. Tabhair faoi deara nach ionann cur isteach an doiciméid/na ndoiciméad sin agus ráthaíocht go n-athróidh na himthosca atá leagtha amach an cinneadh/toradh. Ba cheart d'iarrthóir a thugann faoi chuid ar bith den phróiseas roghnúcháin agus a mhaíonn imthosca maolaitheacha ina dhiaidh sin a thabhairt faoi deara nach mbreithneofar é sin.

Áirítear tréimhsí san ospidéal nó méala le samplaí d'imthosca maolaitheacha féideartha. Is ar iarrthóirí atá an fhreagracht as a chinntiú go bhfeidhmíonn siad de réir lán a gcumais. Dá bhrí sin, ní mheasfar gur imthosca maolaitheacha iad saincheisteanna amhail tuirse, neirbhís, taisteal chuig tástálacha/agallaimh nó na torthaí/an fheidhmíocht ionchais gan a bheith bainte amach.

Teistiméireachtaí

Bheadh sé úsáideach dá dtosófá ag déanamh breithniú ar ainmneacha daoine a mheasfá a bheith ina dteistiméirí oiriúnacha a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ní gá go gcuirtear d'fhostóir reatha ar áireamh sna teistiméirí, ach ba cheart dó bheith ábalta teistiméireacht a chur ar fáil ar do shon - ba cheart do dhuine amháin ar a laghad de na teistiméirí sin a bheith ina d(h)uine ar thuairiscigh tú go díreach dó/di. Ba cheart do na teistiméirí bheith in ann faisnéis a thabhairt maidir le d'fheidhmíocht agus d'iompraíocht i gcomhthéacs oibre le gairid. Is féidir gurbh fhearr duit teistiméirí a roghnú ar féidir leo faisnéis den sórt sin a thabhairt ó dhearcthaí difriúla nó i gcomhthéacsanna difriúla oibre. Is féidir leat a bheith cinnte de nach ndéanfaimis teagmháil le teistiméirí ach amháin dá ndéanfaí breithniú ort tar éis chéim an réamhagallaimh. Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, i gcás go n-éireoidh leat san agallamh deiridh, go dteastóidh uainn teistiméireacht ó d'fhostóir rathúil sula molfaimis thú le haghaidh ceapacháin. Is féidir go gceanglófar ar iarrthóirí rathúla roinnt próisis imréitigh a chur i gcrích, lena n-áirítear Dearbhú Sláinte agus Carachtair agus aon seiceálacha cuí eile a theastaíonn le haghaidh an róil ar leith.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ginearálta)

Nuair a fhaightear d'iarratas, cruthaímid taifead faoi d'ainm agus cuirtear cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú isteach sa taifead sin. Úsáidtear an taifead pearsanta sin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus chuige sin amháin. Tá faisnéis atá á coinneáil faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

Má bhíonn aon cheisteanna agat a bhaineann le próiseáil do shonraí, nó más mian leat iarraidh a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, seol d'iarraidh i scríbhinn chuig: An tOifigeach Cosanta Sonraí, Campas Spórt Éireann, Bóthar Snugborough, Baile Átha Cliath 15 nó dpo@sportireland.ie Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, caithfear le hiarratais i modh rún daingean. Chun mionsonraí a fháil faoi conas a phróiseáiltear d'fhaisnéis phearsanta, féach ár [bhfógra príobháideachta](#).

Na Dualgais ar Iarrthóirí

Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh;
- Bheith oiriúnach ar fhorais charachtair;
- Bheith oiriúnach ar gach bealach ábhartha eile dá gceapadh chuig an bpost lena mbaineann; agus

má éiríonn leo, ní cheapfar chun an phoist iad:

- Mura n-aontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó faoina bhféadfadh sé bheith riachtanach na dualgais a chomhlíonadh; agus
- Mura bhfuil siad iniúil agus ar fáil go hiomlán chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus mura bhfuil siad lánbalta tabhairt fúthu.

Ní ceadmhach d’iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama;
- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú; agus
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

Iarrthóireacht a Mheas a bheith Tarraingthe Siar

Glacfar leis go bhfuil a (h)iarrthóireacht tarraingthe siar ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar aon tástáil eile de réir mar a éileoidh Spórt Éireann nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid air/uirthe, cibé fianaise atá de dhíth ar Spórt Éireann i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena (h)iarrthóireacht.

Iarrtar ar iarrthóirí na doiciméid iarrtha uile a thabhairt do Spórt Éireann/Lansdowne Executive Search laistigh de chúig lá ón iarraidh, lena n-áirítear na foirmeacha uile arna n-eisiúint ag Spórt Éireann lena gcomhlánú. Mura ndéantar amhlaidh, measfar gur tharraing an t-iarrthóir é/í féin siar ón gcomórtas agus ní dhéanfar aon bhreithniú breise ar a (h)iarrthóireacht.

Nósanna Imeachta um Athbhreithniú i dtaca leis an bPróiseas Roghnúcháin

Na nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú atá leagtha amach sa rannán seo, tá feidhm acu i gcásanna inar mian le hiarrthóir go ndéanfaí athbhreithniú ar ghníomh nó ar chinneadh a rinneadh i dtaca lena (h)iarrthóireacht. Is leagtha amach thíos atá na nósanna imeachta agus na caighdeáin atá le leanúint ag an ngearánach agus ag Spórt Éireann maidir le hiarrataí ar athbhreithniú a láimhseáil. Tabhair faoi deara gur féidir torthaí tástála a athsheiceáil ar iarraidh a fháil. Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh torthaí tástála tríd an bpróiseas sin, áfach. Ní chuirfear próisis earcaíochta agus roghnúcháin ar fionraí nuair atá an toradh ar athbhreithniú ar feitheamh.

Iarrataí ar Aiseolas

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin ar fáil d’iarrthóirí ach é a iarraidh. Níl aon tréimhsí ama sonracha ann le haghaidh aiseolas a thabhairt. Tabhair faoi deara gurb é atá sa Phróiseas Athbhreithnithe atá leagtha amach thíos ná próiseas ar leith lena ngabhann tréimhsí ama sonraithe nach mór cloí leo. Ní gá aiseolas a fháil chun athbhreithniú a ghairm.

Iarrataí ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil

I gcás go bhfaighfear iarraidh ó iarrthóir ar athbhreithniú ar chinneadh roghnúcháin, ba cheart gach iarracht a dhéanamh an t-ábhar a réiteach go neamhfhoirmiúil. Ba cheart iarrataí ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a chur isteach ach úsáid a bhaint as an bhfoirm um iarraidh ar Athbhreithniú in Aguisín V den leabhrán seo. I gcás go mbeidh an t-iarrthóir míshásta fós, féadfaidh sé/sí dul i mbun na nósanna imeachta um athbhreithniú foirmiúil de réir an phróisis atá leagtha amach thíos. I gcás go bhfuair an t-iarrthóir aiseolas cheana féin maidir lena (h) iarrthóireacht, is féidir go measfar gurb ionann é sin agus athbhreithniú neamhfhoirmiúil. Féadfar leas a bhaint as an bpróiseas athbhreithnithe neamhfhoirmiúil laistigh de 5 lá oibre ón tráth a fhaightear fógra faoin gcinneadh tosaigh agus ba cheart é a thionól de ghnáth idir an t-iarrthóir agus an duine a chuir an cinneadh in iúl (nó aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann Spórt Éireann de réir mar is cuí, ag brath ar na himthosca). I gcás go mbainfidh an cinneadh atá á chur in iúl le céim eastramhach de phróiseas roghnúcháin, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de 2 lá oibre ón tráth a fhaightear an cinneadh. Déanfaidh Spórt Éireann an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil gan mhoill agus laistigh de thréimhse ama lena gcuirfear ar chumas an iarrthóra leas a bhaint as na nósanna imeachta um athbhreithniú foirmiúil laistigh de na tréimhsí ama sonracha, más mian leis/léi déanamh amhlaidh. I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta fós tar éis aon athbhreithnithe neamhfhoirmiúil den sórt sin, féadfaidh sé/sí dul i mbun na nósanna imeachta foirmiúla atá leagtha amach thíos. Más mian leis an iarrthóir go ndéileálfar leis an ábhar ar mhodh athbhreithniú foirmiúil, ní mór dó/di é sin a iarraidh laistigh de 2 lá oibre ón tráth a fhaightear an fógra faoi thoradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

Iarrataí ar Athbhreithniú Foirmiúil

Is leagtha amach thíos atá na nósanna imeachta agus na caighdeáin atá le leanúint ag an ngearánach agus ag Spórt Éireann maidir le hiarrataí ar athbhreithniú foirmiúil a láimhseáil. Ní mór don iarrthóir a (h)ábhair imní i ndáil leis an bpróiseas a chur in iúl i scríbhinn do Spórt Éireann, agus na gnéithe sin den ghníomh nó den chinneadh i ndáil lena (h)iarrthóireacht ar mian leis/léi iad a chur faoi athbhreithniú á leagan amach aige/aici. Ba cheart an bunús leis an athbhreithniú foirmiúil sin a leagan amach ar an bhfoirm shonraithe (Aguisín V).

Ní mór don iarrthóir tacaíocht a thabhairt dá (h)iarraidh ar athbhreithniú ach breac-chuntas a thabhairt ar na fíricí a léiríonn, dar leis/léi, gur mícheart a bhí an gníomh a rinneadh nó an cinneadh ar thángthas air. Is féidir go ndiúltofar d'iarraidh ar athbhreithniú foirmiúil mura féidir leis an iarrthóir tacaíocht a thabhairt dá (h)iarraidh. Ní cheadófar na teorainneacha ama sin a fhadú ach amháin in imthosca den chineál is eisceachtúla agus is faoi rogha aonair Spórt Éireann a bheidh sé fadú a cheadú.

Ar an iarraidh ar athbhreithniú foirmiúil a fháil, féachfaidh Spórt Éireann le hadmháil a eisiúint laistigh de 3 lá oibre. Is é duine nach raibh baint dhíreach aige/aici leis an gcinneadh i gceist a dhéanfaidh an t-athbhreithniú ar an gcás.

Ba cheart don duine nó do na daoine atá ag déanamh an athbhreithnithe fhoirmiúil aon aighneachtaí i scríbhinn a rinne an t-iarrthóir agus an fhaisnéis ábhartha eile ar fad a bhreithniú, lena n-áireofar aon ríomhphoist, nótaí nó meabhráin ábhartha atá i seilbh Spórt Éireann i dtaca leis an bpróiseas roghnúcháin. Nuair is gá, féadfaidh an t-athbhreithnitheoir, chun tuilleadh faisnéise a fháil, labhairt leis na pearsana a bhfuil baint acu leis an bpróiseas roghnúcháin agus/ nó labhairt leis an iarrthóir.

De ghnáth, ní mór an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ón tráth a fhaightear an gearán nó an iarraidh ar athbhreithniú. I gcás nach dtiocfar ar chinneadh ar an imscrúdú laistigh den tréimhse sin, déanfaidh an t-athbhreithnitheoir an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas faoi stádas an athbhreithnithe. Is cinneadh críochnaitheach é an cinneadh ón athbhreithnitheoir foirmiúil.


Faisnéis Ghinearálta

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofaí iad dá dtabharfadh siad faoi chanbhasáil. Ní bheidh Spórt Éireann freagrach as aon speansais, lena n-áirítear speansais taistil, a d'fhéadfadh iarratasóirí a thabú i ndáil lena n-iarratas ar an bpost seo.

I gcás go ndéanfaidh an duine a mholtar lena c(h)eadadh diúltú don cheapachán, nó má scarann sé/sí leis tar éis dó nó di glacadh leis an gceapachán, nó i gcás go dtiocfaidh folúntas breise chun cinn, féadfaidh Spórt Éireann, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena c(h)eadadh bunaithe ar thoradh an chomórtais seo.

Tá Spórt Éireann tiomanta do bheartas comhdheise a leanúint.

AGUISÍN I: PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ



Tá sé nó sí mar Eiseamláir de Luachanna Seirbhíse Poiblí Is é is Feidhmíocht Éifeachtach ann:

- Freastal ar Rialtas na hÉireann agus ar mhuintir na hÉireann
- Gníomhú go hionraic i gcónaí
- Caitheamh le daoine eile ar bhealach measúil
- Bheith freagrach as a chuid nó a cuid gníomhartha féin
- Oibriú go gairmiúil agus go hionraic

Smaointeoireacht Straitéiseach

Is é is Feidhmíocht Éifeachtach ann:

- Fís don eagraíocht agus don earnáil a chruthú agus a bheith ag súil leis na riachtanais chun í a sholáthar
- Anailís a dhéanamh ar shaincheistanna casta go mear agus a bheith ag súil le hiarmhairtí seachthairbhe
- Cur chuige ar fud an chórais a ghlacadh agus naisc, rioscaí agus an cumas le haghaidh nuálaíochta sa timpeallacht leathan a shainaithint
- Bheith i gceannas ar chleachtais um measúnú riosca a chur chun feidhme agus gabháil do thógáil chothromaithe rioscaí
- Misneach a léiriú le linn cinntí doilí a dhéanamh

Caidreamh a Bhainistiú: Stiúranann sé nó sí Daoine

Is é is Feidhmíocht Éifeachtach ann:

- A bheith ina cheannaire nó ina ceannaire infheicthe fuinniúil a dhéanann teagmháil iomlán le daoine eile
- Foirne trasfheidhmiúla agus idir-rannacha a thógáil agus tacú leo
- Freagracht a tharmligean agus cuntasacht a chinntiú i ndaoine eile

- Spriocanna dúshlánacha a shocrú agus bainistíocht feidhmíochta éifeachtaí a chur chun feidhme
- Oiliúint a chur ar dhaoine eile agus tacú leo an méid a chuireann siad leis agus a bhforbairt a bharrfheabhsú



Caidreamh a Bhainistiú: Déanann sé nó sí Comhoibriú agus Cumarsáid le daoine eile go Diongbháilte

Is é is Feidhmíocht Éifeachtach ann:

- Páirt iomlán ghníomhach a ghlacadh ar an bhfoireann shinsearach san eagraíocht a mhúnlú agus a stiúradh
- Cumarsáid a dhéanamh ar bhealach gairmiúil agus inchreidte, ionchais daoine eile a bhainistiú
- Idirbheartú agus tionchar a imirt go sciliúil agus go cinnteach
- A bheith ag súil le híogaireachtaí agus castachtaí polaitiúla agus freagairt dóibh ar bhealach eolach cuiditheach
- Caidreamh éifeachtach oibre le príomh-gheallsealbhóirí a chothú agus a chothabháil
- Comhoibriú, comhpháirtíochtaí agus líonraí a éascú go himmheánach agus go seachtrach chun comhspricanna a bhaint amach



Díriú Soláthair: Ardfheidhmíocht agus Torthaí a Sholáthar

Is é is Feidhmíocht Éifeachtach ann:

- Cuntasacht a bheith á glacadh ag duine as a chuid nó a cuid gníomhartha agus cinntí
- A chinntiú go mbaintear úsáid as an raon iomlán disciplíní bainistíochta chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar go tapa agus de réir an bhuiséid
- Próisis a cheistiú chun feabhas a chur ar acmhainn agus freagrúlacht na heagraíochta agus ar a díriú ar shaoránaigh
- Cur chun feidhme rathúil a chinntiú trí mhodhanna éagsúla soláthair, lena n-áirítear úsáid a bhaint as páirtithe seachtracha
- Dua a dhíriú ar chúraimí tosaíochta chun na torthaí a uasmhéadú
- Lúb láidir aiseolais a chinntiú idir forbairt beartais agus oibríochtaí



Díriú Soláthair: Treallús agus Athléimneacht

Is é is Feidhmíocht Éifeachtach ann:

- Tionscnaíocht a thaispeáint agus leibhéil arda treallúis agus fuinnimh phearsanta a chothabháil
- Iltosaíochtaí casta a threorú agus a bhainistiú go héifeachtach
- A chuid nó a cuid tuairimí féin a chur in iúl go muiníneach agus go cinnteach
- Bheith stuama agus úsáid a bhaint as straitéisí tacaíochta pearsanta chun cur le díriú a choinneáil agus téarnamh as díomá
- Dearcadh dearfach agus gairmiúil a choinneáil i gcásanna deacra



Saineolas agus Féinfhorbairt

Is é is Feidhmíocht Éifeachtach ann:

- Eolas fóna a choinneáil ar shaincheisteanna eagraíochta, earnála, polaitíochta agus idirnáisiúnta agus ar na himpleachtaí leathana atá acu don saoránach agus don Stát
- Saineolas ar réimsí ábhartha a nuashonrú agus a thaispeáint ar bhonn leanúnach
- Bheith féinfhasach agus deiseanna a iarraidh chun gníomhú ar réimsí ar son a fhorbartha nó a forbartha féin
- Aiseolas a iarraidh agus a chuid nó a cuid cleachtas agus iompraíochtaí féin a athbhreithniú
- A bheith á mheas nó á meas mar shaineolaí ina réimse/réimsí speisialachais féin

AGUISÍN II: INCHÁILITHEACTH

Saoránacht

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe:

- a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- b) A bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe; nó
- c) A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir leis an tsaorghluaiseacht daoine; nó
- d) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar céile nó leanbh é nó í le saoránach de chuid LEE, de chuid na Ríochta Aontaithe nó de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- e) A bheith ina nduine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta dó nó di faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó ina mball teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- f) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar tuismitheoir é nó í le leanbh cleithiúnach ar saoránach agus cónaitheach é nó í de chuid ballstát de LEE, de chuid na Ríochta Aontaithe nó de chuid na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

Srianta Áirithe ar Incháilitheacht

D'fhéadfadh go ndéanfaí difear don incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas más rud é go raibh iarratasóirí á bhfostú roimhe sin ag comhlacht Earnála Poiblí agus gur bhain siad leas roimhe as Scéim Iomarcaíochta nó Scéim Dreasachta Scoir de chuid na Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear:

- An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS)
- Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG (P) 06/2013)
- Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta leis an tSeirbhís Phoiblí

An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS)

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir (SDLS), mar a leagtar amach í i [gCiorclán 12/2009](#) ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc, faoin Scéim sin, ar dhaoine a scoir cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní ceadmhach, mar sin, do dhaoine a scoir faoin scéim sin cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Tugadh isteach Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spríodhírthe (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid scéim LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go formhór as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoi SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc agus, ina dhiaidh sin, beidh ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil chun aon duine a athfhostú. Níl daoine a bhain leas as na scéimeanna sin incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG (P) 06/2013)

Tugadh Scéim Iomarcaíochta Deonai d'Údarais Áitiúla isteach le Ciorclán LG (P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sonracha de chuid na Scéime Luathscoir Shaorálaigh nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Earnála Poiblí [de réir an tsainmhíneithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011, agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis a ndáta imeachta faoin Scéim seo. Ina dhiaidh sin, beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh dhuine a athfhostú. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás fostaíochta ar bhonn conradh le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra dar dáta an 28 Meitheamh 2012. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíochta a fhoirceannadh. Ina dhiaidh sin, beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh dhuine a athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta) agus ní mór toiliú an Aire a fháil roimh iad a bheith fostaite ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí.

Dearbhú

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir Seirbhíse Poiblí. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochair phinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú sa chás go bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhíse in aon fhostaíochta Seirbhíse Poiblí.

Sláinte

Beidh ag gach iarrthóir staid sláinte a thabharfadh le fios go bhfuil ionchas réasúnach ann go mbeidh sé/sí in ann seirbhís éifeachtúil rialta a chur ar fáil.

AGUISÍN III: COINNÍOLLACHA BREISE SEIRBHÍSE

Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

Fabhrú Pinsin

Leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, cuireadh **teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán** is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí reatha amháin. Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin ar cheapaí ar bith a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige i bpost sa tseirbhís phoiblí roimhe seo.

Lacáiste Pinsin

Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe cheana féin sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfaigheann sé/sí pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí, nó más rud é go bhfuil pinsean Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí á íoc le linn a (h)athfhostaíochta, beidh an pinsean sin faoi réir lacáiste de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Tabhair faoi deara: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, tá tú á admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha lacáiste, nuair is ábhartha. Níl sé beartaithe go dtacóidh an comhlacht is fostóir le hiarratas ar tharscaoileadh lacáiste i dtaca le ceapacháin chun an phoist seo.

Mar sin féin, más rud é go raibh an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air faoi shocruithe luathscoir shaorálaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS), Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte maidir le LSS/SIS nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a bhfágann ceann ar bith díobh nach bhfuil duine incháilithe le haghaidh an chomórtais), scoirfidh teideal chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin.

Is féidir, áfach, go ndéanfar socruithe speisialta chun seirbhís roimhe sin de chuid an ceapaí a ríomh chun críocha aon aoisliúntais a bheidh an ceapaí i dteideal é a fháil sa todhchaí.

Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí: An Roinn Oideachais agus Scileanna – Ciorclán 102/2007

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, más rud é go nglacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim sin agus go bhfostaítear é/í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de pinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar arís ar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d’aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhrí an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

Scor de bharr Drochshláinte

Tabhair faoi deara: sa chás gur scoir duine ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí mar gheall ar easláinte, d’fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar pinsean an duine sin ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr easláinte laistigh de scéim pinsean na fostaíochta sin.

AGUISÍN IV: AN FHOIRM PRÍOMHÉACHTAÍ

Ainm:

Teideal an Phoist:

Tar éis duit na hinniúlachtaí a léamh agus machnamh a dhéanamh ar éilimh an róil, déan cur síos gairid, i gcás gach ceann de na réimsí thíos **(250 focal ar a mhéad an ceann)**, ar éachtaí ar leith, ar an méid a chuir tú leis nó ar shaineolas a d'fhorbair tú le linn do ghairmréime go dtí seo a léiríonn go soiléir d'oiriúnacht do dhul i ngleic le dúshláin an róil.

Smaointeoireacht Straitéiseach

Díriú Soláthair: *a chuimsíonn 'Ardfheidhmíocht agus Torthaí a Sholáthar' agus 'Treallús agus Athléimneacht'*

Caidreamh a Bhainistiú: *a chuimsíonn 'Stiúrann sé nó sí Daoine' agus 'Déanann sé nó sí Comhoibriú agus Cumarsáid le daoine eile go Dionsbháilte'*

Saineolas agus Féinfhorbairt

AGUISÍN V: FOIRM UM IARRAIDH AR ATHBHREITHNIÚ

Ainm an Iarrthóra

An Post a bhfuil Iarratas á Dhéanamh air

Seoladh an Iarrthóra

Seoladh Ríomhphoist an Iarrthóra

Uimhir Fóin an Iarrthóra

Iarraidh ar Athbhreithniú

Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil

Athbhreithniú Foirmiúil

Luaigh an chéim sa bhosca atá curtha ar fáil

Tabhair breac-chuntas soiléir ar na gnéithe den ghníomh/den chinneadh ar mian leat go n-athbhreithneofaí iad



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND